*Uimhir* 35 *de* 2014

# An tAcht Leithreasa, 2014

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 35 *de* 2014

**AN tACHT LEITHREASA, 2014**

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Suimeanna a vótáladh le haghaidh seirbhísí soláthair, €42,657,904,000 san iomlán, a leithreasú
2. Géilleadh iarchurtha a bhaineann le seirbhísí soláthair chaipitiúil, €79,044,000 san iomlán
3. Airleacain inaisíoctha as an bPríomh-Chiste
4. Leasú ar alt 3 den Acht Leithreasa, 1999
5. Gearrtheideal

SCEIDEAL 1

Suimeanna a Vótáladh le haghaidh Seirbhísí Soláthair a Leithreasú

SCEIDEAL 2

Géilleadh Iarchurtha a bhaineann le Seirbhísí Soláthair Chaipitiúil

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Leithreasa, 1999 (Uimh. 34)

An tAcht Príomh-Chiste (Forálacha Buana), 1965 (Uimh. 26)

An tAcht Airgeadais, 2004 (Uimh. 8)

*Public Accounts and Charges Act,* 1891 (55 Vict, c. 24)

Na hAchtanna Aoisliúntais, 1834 go 2004

*Uimhir* 35 *de* 2014

# AN tACHT LEITHREASA, 2014

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leithreasú suimeanna a deonaíodh leis an Acht Príomh-Chiste (Forálacha Buana), 1965 chun na seirbhísí soláthair agus na gcríoch cuí, do dhéanamh forála maidir le géilleadh iarchurtha leithreasuithe áirithe neamhurscaoilte don Phríomh-Chiste faoi threoir na seirbhísí soláthair chaipitiúil agus na gcríoch dá bhforáiltear le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004 agus, chun méid leordhóthanach airgid a choimeád i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta d'fhonn a chumasú dliteanais áirithe a urscaoileadh, do dhéanamh socrú maidir le hairleacain inaisíoctha as an bPríomh-Chiste, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[19 *Nollaig* 2014]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Suimeanna a vótáladh le haghaidh seirbhísí soláthair, €42,657,904,000 san iomlán, a leithreasú**

**1.** (1) Na suimeanna a deonaíodh as an bPríomh-Chiste leis an Acht Príomh-Chiste (Forálacha Buana), 1965, chun slánaithe an tsoláthair a deonaíodh, agus a ndéanann a gcomhiomlán suim dhá mhíle is daichead, sé chéad caoga is seacht milliún, naoi gcéad is ceithre mhíle euro le haghaidh sheirbhís na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014, déantar iad a leithreasú le haghaidh na seirbhísí agus na gcríoch a luaitear i *Sceideal 1*.

(2) I dteannta na ndeontas as an bPríomh-Chiste dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfar na suimeanna a thaispeántar faoi seach sa cholún deiridh de *Sceideal 1* agus a ndéanann a gcomhiomlán suim trí mhíle, cúig chéad ochtó is dhá mhilliún, seacht gcéad is ocht míle euro a úsáid as aon airgead a n-ordaítear faoi alt 2 den *Public Accounts and Charges Act,* 1891 é a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair do na deontais le haghaidh na seirbhísí agus na gcríoch a shonraítear sa Sceideal sin.

**Géilleadh iarchurtha a bhaineann le seirbhísí soláthair chaipitiúil, €79,044,000 san iomlán**

**2.** Chun críocha alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, i leith leithreasaí neamhurscaoilte áirithe faoi threoir na seirbhísí soláthair chaipitiúil agus na gcríoch a áirítear i vóta dá dtagraítear i *Sceideal 1*, leagtar amach i *Sceideal 2* na suimeanna a iarchuireadh isteach sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015, agus na vótaí gaolmhara agus na teidil ghaolmhara i leith gach ceann de na suimeanna sin, a ndéanann a gcomhiomlán suim seachtó is naoi milliún, daichead is ceithre mhíle euro.

**Airleacain inaisíoctha as an bPríomh-Chiste**

**3.** (1) Féadfaidh an tAire Airgeadais, tar éis iarraidh a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus d'fhonn méid leordhóthanach airgid a choimeád i gCuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta, ag féachaint do na suimeanna is iníoctha as an gCuntas sin, socruithe maoiniúcháin a chur ar bun chun aistrithe cistí leictreonacha a éascú i gcás íocaíochtaí chun dliteanas a urscaoileadh a bheith dlite an 1 agus an 2 Eanáir 2015.

(2) Déanfar méideanna a bheidh ag teastáil ón Aire Airgeadais faoi *fho-alt (1)*, nach mó a gcomhiomlán ná €250 milliún, a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.

(3) Aon suimeanna a airleacfar amhlaidh, aisíocfar iad leis an bPríomh-Chiste as Cuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta i mí Eanáir 2015.

**Leasú ar alt 3 den Acht Leithreasa, 1999**

**4.** Leasaítear alt 3 den Acht Leithreasa, 1999 le héifeacht ón 1 Eanáir 2015—

(a) trí "1 Eanáir 2015" a chur in ionad "1 Eanáir 2006",

(b) trí "leis an Aire Sláinte" a chur in ionad "le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte" agus trí "ag an Aire Sláinte" a chur in ionad "ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte", agus

(c) trí "a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna" a chur in ionad "a cuid feidhmeanna".

**Gearrtheideal**

**5.** Féadfar an tAcht Leithreasa, 2014 a ghairm den Acht seo.

## SCEIDEAL 1

SUIMEANNA A VÓTÁLADH LE HAGHAIDH SEIRBHÍSÍ SOLÁTHAIR A LEITHREASÚ

Sceideal de shuimeanna a deonaíodh, agus de shuimeanna a fhéadfar a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair i dteannta na suimeanna a deonaíodh, chun íoctha mhuirir na Seirbhíse Poiblí a luaitear i *gcolún (2)* a ghabhann leis an Sceideal seo agus a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014.

| | | Suimeanna nach mó ná | |
|---|---|---|---|
| Vóta Uimh. | Teideal | Deontais Soláthair | Leithreasaí-i-gcabhair |
| (1) | (2) | (3) | (4) |
| | | € | € |
| 1 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, le haghaidh costais áirithe eile a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin agus le haghaidh deontais áirithe | 3,267,000 | 120,000 |
| 2 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na Roinne agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair a íoc | 21,423,000 | 878,000 |
| 3 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas-i-gcabhair | 14,301,000 | 788,000 |
| 4 | Le haghaidh thuarastail agus chostais na Príomh-Oifige Staidrimh | 39,577,000 | 1,943,000 |
| 5 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 36,838,000 | 975,000 |
| 6 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 26,309,000 | 1,860,000 |
| 7 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc | 31,200,000 | 1,500,000 |
| 8 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 5,922,000 | 5,875,000 |
| 9 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontas a íoc | 320,463,000 | 72,966,000 |
| 10 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc | 477,000 | 32,000 |
| 11 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc | 35,898,000 | 4,000,000 |
| 12 | Le haghaidh pinsean, aoisliúntais, díobhálacha ceirde, agus liúntais agus aiscí breise agus eile faoi na hAchtanna Aoisliúntais, 1834 go 2004 agus faoi ilreachtanna eile; pinsin, liúntais agus aiscí eisreachtúla arna ndámhachtain ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; táillí do liaréiteoirí agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; cúitimh agus íocaíochtaí eile i leith díobhálacha pearsanta; táillí don Bhord Pinsean; íocaíochtaí ilghnéitheacha, etc. | 384,800,000 | 93,000,000 |

| | | Suimeanna nach mó ná | |
|---|---|---|---|
| Vóta Uimh. | Teideal | Deontais Soláthair | Leithreasaí-i-gcabhair |
| (1) | (2) | (3) | (4) |
| | | € | € |
| 13 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; le haghaidh seirbhísí atá faoi riaradh na hOifige sin agus chun deontais áirithe a íoc agus chun caiteachas áirithe a chúiteamh | 354,146,000 | 27,026,000 |
| 14 | Le haghaidh thuarastail agus chostais na Saotharlainne Stáit | 7,795,000 | 852,000 |
| 15 | Le haghaidh na Seirbhíse Sicréidí | 1,000,000 | |
| 16 | Le haghaidh thuarastail agus chostais na hOifige Luachála agus mionseirbhísí áirithe | 8,904,000 | 1,291,000 |
| 17 | Le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí | 6,987,000 | 245,000 |
| 18 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Seirbhísí Comhroinnte | 30,581,000 | 3,468,000 |
| 19 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 7,743,000 | 397,000 |
| 20 | Le haghaidh thuarastail agus chostais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc.; chun costais finnéithe áirithe a íoc, agus chun deontas-i-gcabhair a íoc | 1,314,728,000 | 126,800,000 |
| 21 | Le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse Príosún, agus le haghaidh costais eile i ndáil le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála; le haghaidh seirbhísí promhaidh; agus chun deontas-i-gcabhair a íoc | 317,795,000 | 16,393,000 |
| 22 | Le haghaidh na dtuarastal agus na gcostas sin de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus mionseirbhísí áirithe eile nach muirear ar an bPríomh-Chiste | 58,031,000 | 48,722,000 |
| 23 | Le haghaidh thuarastail agus chostais an Údaráis Clárúcháin Maoine | 30,108,000 | 30,108,000 |
| 24 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus deontais-igcabhair áirithe a íoc | 324,596,000 | 55,940,000 |

| | | Suimeanna nach mó ná | |
|---|---|---|---|
| Vóta Uimh. | Teideal | Deontais Soláthair | Leithreasaí-i-gcabhair |
| (1) | (2) | (3) | (4) |
| | | € | € |
| 25 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'Údaráis Áitiúla, deontais agus costais eile i ndáil le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais | 773,591,000 | 94,632,000 |
| 26 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc | 7,951,544,000 | 554,333,000 |
| 27 | Le haghaidh Cúnamh Oifigiúil Forbartha áirithe, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair áirithe, agus le haghaidh ranníocaí d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta áirithe atá páirteach i gCúnamh Forbartha agus le haghaidh tuarastail agus costais i dtaca leo sin | 478,013,000 | 1,150,000 |
| 28 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair agus ranníocaí d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta | 167,236,000 | 45,048,000 |
| 29 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe agus ildeontais-i-gcabhair a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc | 194,506,000 | 237,000,000 |
| 30 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus Choimisiún Talún na hÉireann agus chun deontais, fóirdheontais agus ildeontais-i-gcabhair áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc | 1,135,103,000 | 66,797,000 |
| 31 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun deontais áirithe agus deontais-i-gcabhair a íoc, agus le haghaidh seirbhísí áirithe eile | 1,437,669,000 | 394,431,000 |
| 32 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe agus deontas-i-gcabhair a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc | 732,075,000 | 48,948,000 |

| | | Suimeanna nach mó ná | |
|---|---|---|---|
| Vóta Uimh. | Teideal | Deontais Soláthair | Leithreasaí-i-gcabhair |
| (1) | (2) | (3) | (4) |
| | | € | € |
| 33 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc | 259,458,000 | 4,439,000 |
| 34 | Le haghaidh thuarastail agus chostais na Dánlainne Náisiúnta, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair | 7,274,000 | 3,256,000 |
| 35 | Le haghaidh pá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí is iníoctha faoi ilreachtanna le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus d'Eagraíochtaí Míleata áirithe eile, etc., nó ina leith sin, agus le haghaidh ilranníocaí agus ilchostais i dtaca leo sin; le haghaidh liúntais eisreachtúla áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus le haghaidh ildeontas | 220,190,000 | 5,500,000 |
| 36 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin; le haghaidh phá agus chostais Óglaigh na hÉireann; agus chun deontais-i-gcabhair áirithe a íoc | 640,292,000 | 36,638,000 |
| 37 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, le haghaidh íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh agus le haghaidh deontais áirithe | 11,856,900,000 | 242,020,000 |
| 38 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Sláinte agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha | 201,969,000 | 3,916,000 |
| 39 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na Feidhmeannachta, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha | 12,232,496,000 | 1,355,313,000 |
| 40 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais, lena n-áirítear deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc | 974,268,000 | 22,887,000 |
| 41 | Le haghaidh thuarastail agus chostais na hOifige um Shainfháil Rialtais | 12,431,000 | 350,000 |
| | Iomlán Sceideal 1 | 42,657,904,000 | 3,582,708,000 |

## SCEIDEAL 2

### Géilleadh Iarchurtha a Bhaineann le Seirbhísí Soláthair Chaipitiúil

Sceideal de shuimeanna a áirítear i *Sceideal 1* a ghabhann leis an Acht seo, ar suimeanna iad a bhféadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chinneadh ina leith, le hordú faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, go mbeidh siad ar fáil chun a n-úsáide chun slánaithe soláthair sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 le haghaidh na seirbhísí soláthair chaipitiúil agus na gcríoch sna Vótaí agus sna Teidil chomhréire a luaitear i *gcolúin (1)* agus *(2)*.

| Vóta Uimh. | Teideal | Suimeanna dá n-iarchuirtear géilleadh |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| | | € |
| 18 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Seirbhísí Comhroinnte | 998,000 |
| 29 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe agus ildeontais-i-gcabhair a íoc, agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc | 4,600,000 |
| 30 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus Choimisiún Talún na hÉireann agus chun deontais, fóirdheontais agus ildeontais-i-gcabhair áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc | 18,000,000 |
| 31 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun deontais áirithe agus deontais-i-gcabhair a íoc, agus le haghaidh seirbhísí áirithe eile | 29,105,000 |
| 32 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais, deontais áirithe agus deontas-i gcabhair a íoc, agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc | 20,000,000 |
| 33 | Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontas-i-gcabhair áirithe a íoc | 6,216,000 |
| 41 | Le haghaidh thuarastail agus chostais na hOifige um Shainfháil Rialtais | 125,000 |
| | Iomlán Sceideal 2 | 79,044,000 |

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

Wt. —. 42. 3/22. Essentra. (61761). Gr.30-15.

978-1-4064-6029-2